Laghdú eile ar phraghsanna tithe

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoi fhigiúirí a léiríonn gur thit praghsanna tithe arís le mí anuas. Féach ar an tuairisc uair amháin. Cé mhéad den eolas a d'éirigh leat a thuiscint, bunaithe ar na pictiúir agus ar eolas ar bith eile a bhí agat cheana féin?

Ceist 2 Féach ar an tuairisc anois uair amháin agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

the latest figures: _____

almost: _____

gimmick: _____

developer: _____

highpoint: _____

a car included: _____

auctioneer: _____

aspects: _____

industry: _____

mark: _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin, pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cé a d'eisigh na figiúirí is deireanaí seo agus cad a léirigh siad?

2. Cén fáth a bhfuil na céatadáin éagsúla seo luaite sa mhír?

   15%
   10%
   23%
   30%

3. Cad atá Darren Hourihane agus Pat Maguire ag déanamh le dul i ngleic leis an laghdú seo gnó?

Ceist 4 '*dhá bhliain*'

(a) Tá foirmeacha faoi leith den iolra ag an ainmfhocal 'bliain' a mbaintear úsáid astu tar éis na n-uimhreacha, cad iad?

(b) Cén fhoirm den iolra atá ag na hainmfhocail seo tar éis na n-uimhreacha 1-10?

uair/ceann/seachtain/orlach

Ceist 5 *'Má thógtar'*

Féach ar na briathra seo thíos. Scríobh an fhoirm cheart de na briathra san aimsir láithreach + Má. Cuir in abairtí ansin iad. Tá an chéad cheann déanta duit.

Má + (cuir) = Má chuirtear/ má chuireann tú an teas ar siúl anois beidh an teach te i gceann cúpla uair.

Má + (bunaigh) =
Má + (ith) =
Má + (teip) =
Má + (foghlaim) =
Má + (cuidigh) =
Má + (faigh) =
Má + (seas) =
Má + (lig) =
Má + (gortaigh) =
Má + (ól) =

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Ar mhaith leat teach a cheannach in Éirinn anois?
Cé acu ab fhearr leat - a bheith i do chónaí sa chathair nó faoin tuath?
Ar mhaith leat teach cosúil leis an teach sa mhír a cheannach, teach cóirithe go deas agus réidh le siúl isteach ann?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas acu faoin scéal.

Ceist 2

the latest figures:	**na figiúirí is deireanaí**
almost:	**beagnach**
gimmick:	**seift**
developer:	**forbróir**
highpoint:	**buaicphointe**
a car included:	**tá carr san áireamh**
auctioneer:	**ceantálaí**
aspects:	**gnéithe**
industry:	**tionscal**
mark:	**rian**

Ceist 3
1. Léiríonn na figiúirí is deireanaí ó *Permanent TSB* agus an *ESRI* gur thit praghsanna tithe beagnach 1% eile i mí Dheireadh Fómhair.
2. 15% - méid a thit praghas na dtithe ó mhí Feabhra na bliana seo caite.
   10% - méid a thit praghas na dtithe ón am seo anuraidh.
   23% - méid a thit praghas na dtithe i Sciobairín.
   30% - méid a thit praghas na dtithe i Sciobairín má chuirtear praghas an chairr san áireamh.
3. Tá said ag smaoineamh ar sheifteanna nua le tithe a dhíol agus ag díriú isteach ar ghnéithe eile den tionscal.

Ceist 4
(a) Bliain – bliain amháin, dhá bhliain, 3-6 bliana, 7-10 mbliana

(b) Uair – uair amháin, dhá uair, 3-6 huaire, 7-10 n-uaire
Ceann – ceann amháin, dhá cheann, 3-6 cinn, 7-10 gcinn
Seachtain – seachtain amháin, dhá sheachtain, 3-6 seachtaine, 7-10 seachtaine
Orlach – orlach amháin, dhá orlach, 3-6 horlaí, 7-10 n-orlaí

Ceist 5
Má + (bunaigh) = Má bhunaítear an scoil i mbliana beidh oideachas le fáil do chách.
Má + (ith) = Má itheann tú do chuid glasraí beidh tú chomh láidir le d'athair.
Má + (teip) = Má theipeann ort sna scrúduithe ná cuir an locht ormsa.
Má + (foghlaim) = Má fhoghlaimíonn sé na briathra neamhrialta anois ní bheidh fadhb ar bith aige amach anseo.
Má + (cuidigh) = Mú chuidítear leis na leanaí éireoidh go maith leo.
Má + (faigh) = Má fhaigheann tusa na milseáin gheobhaidh mise an cáca milis.
Má + (seas) = Má sheasann sé go díreach bíonn cuma iontach ard air.
Má + (lig) = Má ligtear dóibh é a dhéanamh ní bhíonn fadhb ar bith ann.
Má + (gortaigh) = Má ghortaíonn tú do chos ag súgradh ná tar chugamsa ag gol.
Má + (ól) = Má ólann tú an iomarca beidh tú tinn.

Ceist 6
Lig dóibh na ceisteanna a phlé i ngrúpaí nó le chéile.

Eimear Ní Chonaola
Tháinig laghdú eile ar phraghas tithe an mhí seo caite. Léiríonn na figiúirí is deireanaí ó *Permanent TSB* agus an *ESRI* gur thit praghsanna tithe beagnach 1% eile i mí Dheireadh Fómhair. Tá seift ar leith ag forbróir i gCorcaigh le tithe a dhíol, mar a fuair Grett O'Connor amach.

Grett O'Connor
I mí Feabhra na bliana seo caite bhí praghsanna tithe sa tír seo ag an mbuaicphointe. Bhíodar níos airde ná mar a bhí riamh cheana, ach tá praghas na dtithe sa tír seo tite 15% ar an meán ón am sin i leith. Fiú ón am seo an bhliain seo caite, tá praghsanna 10% níos ísle ná mar a bhí an uair sin. Agus, in áiteanna eile tá laghdú i bhfad níos mó ná sin i gceist.

I Sciobairín in iarthar Chontae Chorcaí thosaigh an forbróir Darren Hourihane ag tógáil na dtithe seo ar imeall an bhaile sa bhliain 2006.

Marie Hourihane, DH Contracts
Bhuel, dhá bhliain ó shin bhí na tithe á ndíol* i gcomhair €575,000 ach tá an margadh an-difriúil anois. Caithfidh muid rud éigin nua a dhéanamh. Sin an fáth go bhfuilimid ag díol na dtithe** seo i gcomhair €440,000 agus tá gluaisteán nua anseo ag gabháil i gcomhair an chéad teach a dhíolfar.

Grett O'Connor
Mar sin tá praghas na dtithe seo tite 23%. 30% má thógtar praghas an chairr san áireamh. Deir an ceantálaí Pat Maguire go bhfuil a chuid gnó go ginearálta tite 60% sa tréimhse chéanna***, ní foláir dó díriú ar ghnéithe eile den tionscal anois cosúil le grádú fuinnimh na dtithe. B'iad seo na tithe nua ba dhaoire a bhí riamh ar an margadh i Sciobairín agus tá an rian sin orthu. Tá ardchaighdeán iontu ó thaobh na bhfeistithe uile. Ach le níos mó ná bliain anuas ní raibh spéis ag éinne ceann acu a cheannach. Tá Darren ag súil go dtiocfaidh athrú air sin anois. Grett O'Connor, Nuacht Tg4, Sciobairín, Contae Chorcaí.

* *ar dhíol* a deirtear
** *a dhíol na tithe* a deirtear
*** *céanna* a deirtear